# Mary Size


## Trína Súile

**Féach ar an bhfíseán ar dtús faoi Mary Size. Cabhróidh an ghluais seo leat.**

| | |
|---|---|
| Bean chráifeach | Bean a bhfuil creideamh láidir aici |
| Gobharnóir | Duine atá i gceannas príosúin |
| Athchóiriú | Athruithe chun feabhais |
| Monatóir | Múinteoir faoi oiliúint |
| Oifigeach smachta | Duine a bhfuil freagracht air/uirthi smacht a choiméad i bpríosún |
| Cillín | Áit a bhfanann príosúnaigh agus iad istigh i bpríosún |
| Bóthar a leasa | An bealach ceart a thógáil sa saol |
| Glasearcach | Duine nuacheaptha i bpost |
| Cruatan an tsaoil | Deacrachtaí sa saol |
| Glais lámh | Rud a chuireann tú ar riostaí príosúnaigh ionas nach féidir leis/léi éalú |
| Loinnir | Gile |
| Garraíodóireacht | An cheird a bhaineann le bheith ag fás agus ag tabhairt aire do bhláthanna agus do phlandaí |
| Ceardlanna ceardaíochta | Ranganna ceardaíochta |
| Athchóiriú príosún | Athruithe chun feabhais a chur i bhfeidhm sa chóras príosúin |
| Ábhartha | Topaic nó ní a bhfuil tábhacht fós ag baint leis i saol daoine |
| Bean chráifeach | Bean a bhfuil creideamh láidir aici |

# Mary Size

## Trína Súile



**Anois, féach ar an bhfíseán arís agus aimsigh an bhfuil na habairtí seo a leanas fíor nó bréagach. Tá an chéad cheann déanta mar theoir.**

| | |
|---|---|
| Ba í Mary Size an chéad bhean riamh a ceapadh ina gobharnóir ar phríosún i Sasana | Fíor |
| Feirmeoir a bhí i Mary Size sula bhfuair sí post sa chóras príosúin i Sasana | |
| Críostaí daingean ba ea Mary Size | |
| Ba i bpríosún i Londain a fuair Mary a céad phost sa chóras príosúin i Sasana | |
| Bhí Mary Size 23 bliana d'aois nuair a thosaigh sí ag obair i bpríosún i Mancain | |
| Theastaigh ó Mary Size go gcaithfí níos fearr leis na príosúnaigh | |
| Chonaic Mary Size go raibh an-chuid cruatain i saol na bpríosúnach ó aois an-óg | |
| Níor bhain Mary Size an ghlais lámh de phríosúnach riamh | |
| Chuir Lady Nancy Astor i gcoinne dhul chun cinn Mary Size sa chóras príosúin i Sasana | |
| Bhí seifteanna cliste ag na príosúnaigh chun smideadh a chruthú as ábhair éagsúla | |
| Níor theastaigh ó Mary Size go múinfí aon scil nua do na príosúnaigh | |
| Chríochnaigh Mary Size a saol oibre mar ghobharnóir ar an gcéad phríosún oscailte do mhná i Sasana | |
| Níor scríobh Mary Size beathaisnéis i dtreo dheireadh a saoil | |

# Mary Size


## Trína Súile

**Anois, ag obair leis an duine in aice leat, meaitseálaigí tús na n-abairtí seo a leanas leis an deireadh ceart. Tá an chéad cheann déanta mar theoir.**

| | |
|---|---|
| **Rugadh Mary Size** | Ina leas-ghobharnóir ar Phríosún Holloway |
| Thosaigh Mary Size amach ag obair mar | **I nGaillimh sa bhliain 1882** |
| Mhol cara di post a | Dínit agus daonnacht ag dul do gach duine beo |
| Chreid Mary Size go láidir go raibh | Mhúinteoir ar dtús |
| Chaith Mary formhór mór a saoil oibre | I Sasana |
| Tugadh aitheantas di nuair a bronnadh | As na príosúnaigh a bhí faoina cúram |
| Bhí an-mhuinín ag Mary Size | Fháil sa chóras príosúin i Sasana |
| Sa bhliain 1927 ceapadh Mary Size | MBE uirthi sa bhliain 1941 |
| Rinne Mary Size iarracht oideachas a chur ar na príosúnaigh ionas go mbeidís | An gcéad phríosún oscailte do mhná i Sasana |
| Sa bhliain 1946 iarradh ar Mary Size a bheith ina gobharnóir ar | In ann filleadh ar an ngnáthshaol |
| Theastaigh ó Mary Size bealach thar nais sa saol a | Thabhairt do na príosúnaigh |

# Mary Size

## Trína Súile



**Anois, ag obair le do pháirtí ranga tugaigí faoin gceacht seo ar Mary Size.**

Gaillimh, Cailleadh, na príosúnaigh, MBE, Leasaitheoir, creideamh, coireanna, príosún

Bean cheannródaíoch ba ea Mary Size. Ba as _________ di ach chaith sí formhór mór dá saol i Sasana. D'oibrigh sí i roinnt mhaith __________ timpeall Shasana. _____________ a bhí inti. Theastaigh uaithi go mbeadh saol níos fearr agus níos compordaí ag ___ __________ a bhí faoina cúram. Chreid sí go láidir go raibh dínit ag baint le gach duine beo agus bhí tionchar mór ag a ___________ ar an gcaoi ar chaith sí leis na príosúnaigh. Rinne sí dul chun cinn suntasach ina saol oibre sa chóras príosúin i Sasana agus bronnadh _____ uirthi as an méid a bhain sí amach. Léirigh sí meas ar na príosúnaigh agus chuir sí oiliúint orthu ionas go mbeidís in ann filleadh ar an saol taobh amuigh den phríosún agus gan _________ a dhéanamh arís. _______ Mary Size i Leicester Shasana sa bhliain 1959.

**Anois, breac síos cúig fhíric stairiúla atá foghlamtha agat faoi Mary Size.**


1)______________________________________________________________________________

2)______________________________________________________________________________

3)______________________________________________________________________________


4)______________________________________________________________________________

5)______________________________________________________________________________



# Mary Size

## Trína Súile



**Taighde:**

**Féach ar an bhfíseán arís agus déan taighde ar líne más gá agus ansin déan cur síos ar chúig leasú a rinne Mary Size i gcóras príosúin na mban i Sasana.**

1)

2)

3)

4)

5)

# Mary Size

## Na Freagraí

1. Fíor
2. Bréagach
3. Fíor
4. Bréagach
5. Fíor
6. Fíor
7. Fíor
8. Bréagach
9. Fíor
10. Fíor
11. Bréagach
12. Fíor
13. Bréagach

1. Rugadh Mary Size I inGaillimh sa bhliain 1882.
2. Thosaigh Mary Size amach ag obair mar mhúinteoir ar dtús.
3. Mhol cara di post a fháil sa chóras príosúin i Sasana
4. Chreid Mary Size go láidir go raibh dínit agus daonnacht ag dul do gach duine beo.
5. Chaith Mary formhór mór a saoil oibre i Sasana.
6. Tugadh aitheantas di nuair a bronnadh MBE uirthi sa bhliain 1941.
7. Bhí an-mhuinín ag Mary Size as na príosúnaigh a bhí faoina cúram.
8. Sa bhliain 1927 ceapadh Mary Size ina Leas-Ghobharnóir ar Phríosún Holloway.
9. Rinne Mary Size iarracht oideachas a chur ar na príosúnaigh ionas go mbeidís in ann filleadh ar an ngnáthshaol.
10. Sa bhliain 1946 iarradh ar Mary Size a bheith ina gobharnóir ar an gcéad phríosún oscailte do mhná i Sasana.
11. Theastaigh ó Mary Size bealach thar nais sa saol a thabhairt do na príosúnaigh.

# Mary Size

## Na Freagraí

Bean cheannródaíoch ba ea Mary Size. Ba as Gaillimh di ach chaith sí formhór mór dá saol i Sasana. D'oibrigh sí i roinnt mhaith príosún timpeall Shasana. Leasaitheoir a bhí inti. Theastaigh uaithi go mbeadh saol níos fearr agus níos compordaí ag na príosúnaigh a bhí faoina cúram. Chreid sí go láidir go raibh dínit ag baint le gach duine beo agus bhí tionchar mór ag a creideamh ar an gcaoi ar chaith sí leis na príosúnaigh. Rinne sí dul chun cinn suntasach ina saol oibre sa chóras príosúin i Sasana agus bronnadh MBE uirthi as an méid a bhain sí amach. Léirigh sí meas ar na príosúnaigh agus chuir sí oiliúint orthu ionas go mbeidís in ann filleadh ar an saol taobh amuigh den phríosún agus gan coireanna a dhéanamh arís. Cailleadh Mary Size i Leicester Shasana sa bhliain 1959.

